**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1464 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2 Meán Fómhair 2022**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle an 7 Iúil 2003 maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2465/96 ([1]), agus go háirithe Airteagal 11, pointe (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha, comhlachtaí nó eintitis a bhaineann le réimeas an iar-Uachtaráin Saddam Hussein a chumhdaítear le reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha agus le toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil.

(2) An 30 Lúnasa 2022, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe duine nádúrtha amháin a bhaint den liosta daoine agus eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag an reo sócmhainní maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Thar ceann an Uachtaráin,*
*An tArd-Stiúrthóir*
*An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil*

---

([1]) IO L 169, 8.7.2003, lch. 6.

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003, scriostar an iontráil seo a leanas:

"74. An Dochtúir Sahir Berhan (ailias (a) An Dochtúir Sahir Barhan, (b) Saher Burhan Al-Deen, (c) Sahir Burhan). Dáta breithe: 1967. Seoladh: (a) Bagdad, an Iaráic, (b) Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Náisiúntacht: Iarácach"